



**Ollscoil na hÉireann**  
National University of Ireland

## **CÚNTÓIR SINSEARACH FEIDHMIÚCHÁIN IN OIFIG AN CHLÁRAITHEORA ar théarma seasta 24 mí**

Ollscoil chónaidhmeach is ea Ollscoil na hÉireann ina bhfuil ceithre chomhollscoil agus roinnt institiúidí ardoideachais cónasctha eile. I gcoílár na hollscoile cónaidhmí, feidhmíonn OÉ mar fhóram do na comhaltaí, cuireann sí seirbhísí ar fáil dóibh siúd agus dá gcéimithe, agus déanann sí bainistíocht ar chláir agus ar chartlanna lárnaacha na hOllscoil. Cuireann OÉ réimse leathan de ghníomhaíochtaí ar bun freisin d'fhonn an léann agus an taighde a chothú agus d'fhonn cur le dul chun cinn oideachais, cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíochta.

Féachann OÉ le post fholamh mar Chúntóir Sinsearach Feidhmiúcháin a líonadh ar chonradh téarma seasta 24 mí.

### **An ról**

Mar Chúntóir Sinsearach Feidhmiúcháin, iarrfar ar an duine a cheapfar tacaíocht riaracháin, oibriúcháin agus cumarsáide a sholáthar, go príomha in Oifig an Chláraitheora. Ó am go ham, b'fhéidir go mbeidh ar an duine cuidiú le foirne eile in OÉ.

### **Cáilíochtaí/scileanna de dhíth**

Éilíonn an post raon scileanna ardfhorbartha a bhaineann le hobair i rúnaíocht ollscoile. Éilíonn sé dearcadh gairmiúil i leith na hoibre, scileanna idirphearsanta den scoth, solúbthacht agus a bheith ábalta obair mar bhall d'fhoireann. Féachann OÉ leis an gcaighdeán is airde a shroicheadh ina cuid gníomhaíochtaí uile, sna seirbhísí a chuireann sí ar fáil do Sheanad OÉ agus na comhaltaí agus ina hidirghníomhaíochtaí leis an bpobal i gcoitinne. Tá ról tábhachtach ag an gCúntóir Sinsearach Feidhmiúcháin i mbaint amach na sprice seo.

Is iad seo a leanas sainriachtanais an phoist seo:

- Scileanna cumarsáide scríofa agus béil den scoth
- Scileanna Teicneolaíocht Faisnéise den scoth, lena n-áirítear bainistiú ar bhunachair sonraí
- Scileanna riaracháin agus eagraíochta den scoth laistigh de thimpeallacht oifige
- Scileanna bainistíochta ama den scoth
- Scileanna dea-fhorbartha teileafóin
- Ardleibhéal cruinnis agus aird ar mhionsonraí
- An cumas le tionscadail iolracha a bhainistiú ag an am céanna
- An cumas le hobair a dhéanamh faoi bhrú d'fhonn spriocamanna a shroicheadh agus as a stuaim féin
- Cáilíocht tríú leibhéal
- Taithí riaracháin/oifige cúig bliana ar a laghad.

Beidh taithí i dtimpeallacht ardoideachais agus/nó eolas oibre ar an nGaeilge ina mbuntáistí.

## Tuilleadh eolais

### An ról

Ag freagairt don Riarthóir Feidhmiúcháin in Oifig an Chláraitheora, beidh freagrachtaí ag an gCúntóir Sinsearach Feidhmiúcháin maidir le gníomhaíochtaí laethúla in Oifig an Chláraitheora agus cuirfidh sé/sí tacaíocht riaracháin, cumarsáide agus rúnaíochta ar fáil don Chláraitheoir. Bé sé/sí páirteach i gcáipéisíocht a ullmhú agus a scaipeadh do chruinnithe, tuarascálacha a scríobh, profáil, bunachair sonraí a nuashonrú, sonraí a iontráil, ábhar cumarsáide a ullmhú amhail preasráitis agus ábhar do shuíomh gréasáin OÉ/na meáin shóisialta. Beidh sé/sí páirteach freisin i ngníomhaíochtaí oibriúcháin eile a bhaineann le himeachtaí OÉ eagraithe ag Oifig an Chláraitheora. Post gnóthach agus ilghnéitheach is ea é seo agus beifear ag súil go n-oibreoidh an Cúntóir Sinsearach Feidhmiúcháin go héifeachtúil i dtimpeallacht a bhíonn ag athrú agus le foirne éagsúla OÉ ó am go ham.

Eagraíonn an Ollscoil roinnt bheag d'ócáidí gach bliain i suíomhanna eile a d'fhéadfadh a bheith ar siúl lasmuigh d'uaireanta oifige. Beidh ar an gCúntóir Sinsearach Feidhmiúcháin bheith ar dualgas le linn na n-ócáidí sin. Ina theannta sin, eagraíonn an Ollscoil toghcháin ó am go ham agus beidh ar an gCúntóir Sinsearach Feidhmiúcháin tacaíocht a sholáthar ag na hamanna sin freisin.

### Áiríonn príomhfhreagrachtaí an Chúntóra Sinsearaigh Fheidhmiúcháin:

- Tacaíocht a sholáthar don Chláraitheoir agus don Riarthóir Feidhmiúcháin in Oifig an Chláraitheora
- Maidir leis seo, tabhairt faoi raon de dhualgais ghinearálta oifige, idir chasta agus ghnáthach
- Cáipéisíocht a ullmhú do chruinnithe agus cáipéisí a phrofáil le scaipeadh agus/nó foilsíú
- Cuidiú le taighde ar ábhar do thuarascálacha
- Tuarascálacha a dhréachtadh do chruinnithe an tSeanaid agus a choistí
- Freastal ar chruinnithe agus miontuairiscí a ghlacadh
- Preasráitis, ábhar gréasáin agus ábhar cumarsáide eile a dhréachtadh
- Ábhar a ullmhú do mheáin shóisialta
- Bunachair sonraí agus cláir a nuashonrú
- Eolas a sholáthar ar an bhfón, le r-phost agus i litreacha
- Socruithe taistil agus áirithintí eile a dhéanamh
- Páirt a ghlacadh i soláthar earraí agus seirbhísí faoi stiúradh
- Tacaíocht a sholáthar d'ócáidí OÉ a eagraítear intí agus in ionaid sheachtracha freisin
- Ag tacú le hOifig an Chláraitheora in ról le Plean Straitéiseach OÉ a chur i bhfeidhm
- Dualgais fháiltithe le linn tréimhsí saoire
- Rúndacht a choinneáil maidir le gnó OÉ
- Dualgais eile a shannóidh an Cláraitheoir ó am go ham.

## **TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA**

### **Tuarastal**

- Beidh an pá tosaigh do dhaoine a earcófar chuig an ollscoil ar an scála a bhaineann le post an Chúntóra Sinsearaigh Fheidhmiúcháin - Scála SEA Tag 0123\_X mar seo a leanas: €37,576, €38,690; €39,350; €41,100; €42,845; €44,604; €46,364.
- Cuirfear ceapaí gan aon taithí roimhe seo san earnáil phoiblí ar an gcéadphointe den scála tuarastail thuas.
- Féadfaidh pá agus coinníollacha pinsin éagsúla a bheith i bhfeidhm más rud é, laistigh de 26 seachtaine roimh an gceapachán, go bhfuil an ceapaí ag freastal áit éigin eile san earnáil phoiblí i bpost a bhfuil sé nó sí ag íoc na ranníocaíochta ÁSPC ag ráta Rang A, B, C nó D ina leith.
- Féadfar rátaí pá a leasú ó am go ham go teacht le Polasaí an Rialtais.

### **Scéim Pinsin**

- I gcoitinne, agus seachas iarrthóirí a d'oibrigh i bpost seirbhíse poiblí inphinsin (téarmaí nach mbaineann le scéim aonair) sna 26 seachtaine roimh an gceapachán, beidh na hiontrálaithe nua uile ar fhostaíocht inphinsin san Ollscoil an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh ina mbaill den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair, a bhfuil sonraí ina leith ar fáil ag <http://per.gov.ie/wpcontent/uploads/Single-Scheme-booklet-Final.pdf>
- Tá ballraíocht i Scéim Pinsean na hOllscoile éigeantach.

### **Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (ASC)**

- Tá an ceapachán seo faoi réir ag "Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise" (ASC) a bhaineann le pinsean a asbhaint i gcomhréir le hAlt 4 den Acht um Pá agus Pinsin na Seirbhíse Poiblí 2017.

### **Scéim Dhreasaithe Luathscoir (ISER)**

- Tá sé mar choinníoll den Scéim Dhreasaithe Luathscoir (ISER) mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 ón Roinn Airgeadais nach féidir le daoine atá ar scor, faoin Scéim sin, iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Mar sin, ní féidir le daoine dá leithéid atá ar scor, iarratas a dhéanamh ar an bpost seo.

### **Dearbhú**

Beidh ar iarrthóirí a dhearbhú cé acu ar bhain siad leas as scéim luathscoir dhreasaithe na seirbhíse poiblí roimhe seo. Beidh ar iarrthóirí freisin aon teidlíocht atá acu ar shochar pinsin Seirbhíse Poiblí (á hÍoc nó caomhnaithe) ó aon fhostaíocht eile de chuid na Seirbhíse Poiblí a dhearbhú agus/nó má fuair siad íocaíocht in ionad maidir le seirbhís i bhfostaíocht ar bith sa tSeirbhís Phoiblí, agus sa chás sin is féidir forálacha laghdaithe pinsin na hearnála poiblí a bheith i bhfeidhm.

### **Uaireanta fostaíochta**

Is iad na huairéanta oibre 37 uair an chloig in aghaidh an seachtaine, nach n-áiríonn sosanna lóin agus am a chaitear ag taisteal chuig an Ollscoil agus ón Ollscoil.

### **Saoire**

25 lá saoire in aghaidh na bliana.

## **Promhadh**

Beidh tréimhse phromhaidh trí mhí ann ina mbeidh athbhreithniú leanúnach ar fheidhmíocht. Féadfar an tréimhse phromhaidh a shíneadh ar lántoil na hOllscoile.

## **Foirceannadh an chonartha**

Is conradh cuspóra seasta é seo ar feadh tréimhse dhá bhliain; dá bhrí sin ní bheidh feidhm ag forálacha na nAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2001 maidir le foirceannadh an chonartha seo i gcás nach mbeidh an foirceannadh sin mar gheall ar dhul in éag an téarma shocraithe seo amháin.

## **Rúndacht**

Le linn na tréimhse conartha, coinneoidh an t-iarrthóir rathúil faoi rún agus faoi chosaint iomlán gach eolas rúnda a chuirfear faoina gcúram maidir leis an Ollscoil, nó a thiocfaidh ina seilbh de dheasca a bpoist leis an Ollscoil agus a páirtithe leasmhara éagsúla.

## **An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR)**

Tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018, ag teacht in áit an chreata cosanta sonraí atá ann faoi Threoir an AE um Chosaint Sonraí.

Nuair a chuireann tú iarratas isteach chuig an ollscoil ar chomórtas, cruthaítear taifead ríomhaire i d'ainm. Úsáidtear faisnéis a chuirtear isteach le hiarratas chun d'iarratas a phróiseáil.

Má éiríonn leat sa chomórtas earcaíochta agus roghnúcháin, cuirfear d'iarratas ar fáil don rannán Acmhainní Daonna san ollscoil.

Chun iarraidh a dhéanamh rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta, cuir d'iarratas isteach trí r-phost chuig: [data-protection@nui.ie](mailto:data-protection@nui.ie) ag cinntiú go ndéanann tú cur síos chomh mionsonraithe agus is féidir ar na taifid atá á lorg agat le go mbeidh muid in ann an taifead / na taifid ábhartha a aithint. Tá faisnéis maidir le Cosaint Sonraí agus Príobháideacht san ollscoil ar fáil ar shuíomh Gréasáin na hollscoile ag: [http://www.nui.ie/about/data\\_protection.asp](http://www.nui.ie/about/data_protection.asp)

## **Próiseas Iarratais**

- Ba chóir iarratais a chur isteach le r-phost chuig [registrar@nui.ie](mailto:registrar@nui.ie) leis na nithe seo a leanas iniata:
  - Litir chumhdaigh (faoi bhráid an Chláraitheora)
  - Foirm iarratais chomhlánaithe
  - Curriculum Vitae
- Gheobhaidh na hiarrthóirí go léir admháil ar a n-iarratas nuair a bheidh an spriocdháta sroichte. Más rud é nach bhfaigheann tú admháil ar d'iarratas, nó má tá fiosruithe ar bith eile agat maidir leis an bpróiseas iarratais, déan teagmháil le r-phost: [registrar@nui.ie](mailto:registrar@nui.ie) nó ar an teileafón: 01-4392424 nó **085 7380299** (is féidir fiosruithe a chur chuig Ann Milner, Uas.).
- Is é an dáta deiridh chun iarratais a fháil 5pm Dé Mairt 25 Lúnasa 2020.

### **Nós Imeachta Measúnaithe**

- Painéal Roghnúcháin: Beidh na hiarratais á mheas ag Painéal Roghnúcháin, a dhéanfaidh gearrliostú agus agallaimh ar iarrthóirí.
- Dáta Agallaimh: Tá sé beartaithe agallaimh a thionól sa seachtain ag tosú 7 Meán Fómhair. Cuirfear dáta an agallaimh in iúl do na hiarrthóirí go léir ar an ngearrliosta agus tabharfar fógra seachtaine ar a laghad dóibh. Tionólfar na hagallaimh in oifigí OÉ, 49 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.
- Forchoimeádann an Ollscoil an ceart painéal iarrthóirí a chruthú as ar féidir tairiscint fostaíochta a dhéanamh.
- Déanfaidh an Ollscoil athbhreithniú ar na srianta a bhí i bhfeidhm mar gheall ar an bpaindéim Covid-19 tráth an agallaimh. B'fhéidir go mbeidh sé riachtanach na hagallaimh a dhéanamh trí fhíschomhdháil. Má cheadaítear agallaimh phearsanta, tionólfar iad in oifigí OÉ, 49 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2. Déanfar iad de réir dianphrótacal Covid-19.
- Tabharfar fógra do na hiarrthóirí go léir maidir le toradh a n-iarratas in am trátha.

*Fostóir comhionannais is ea Ollscoil na hÉireann.*